

# CUACH THULACH FRAOICH

Beirt chailíní óga a bhí ann agus bhí siad in éad le chéile faoi fhear óg. Bhí ceann aca ina comhnaidhe i Roighne agus an ceann eile i dTulach Fraoich.

Adeir bean Roighne:

"Is iomdha crann fuinnseoige istigh ins na líthí  
Deamhan sin crann fuinnseoige istigh ins na líthí  
Nach bhfuil cuach air a' seinm ó chuach Thulach Fraoich."

Bhí cailín Thulach Fraoich chomh deas is gur bhaistigheadar an chuach uirthé, agus ba mhaith leis an gcailín eile droch-shúil a chur uirthé.

"Is iomdha crann fuinnseoige istigh ins na líthí  
Is iomdha crann fuinnseoige istigh ins na líthí  
Ach deamhan sin crann fuinnseoige istigh ins na líthí  
Nach bhfuil cuach air a' seinm ó Chuach Thulach Fraoich"